An Coimisiún Reifrinn

CONRADH LIOSPÓIN

DO BHILEOG THREORACH



An Coimisiún Reifrinn

Comhlacht neamhspleách is ea an Coimisiún Reifrinn, a cuireadh ar bun leis an Acht Reifrinn, 1998. Is é Cathaoirleach an Choimisiúin reatha ná an Breitheamh Onórach Frank Clarke. Is iad na comhaltaí eile ná an tUas. Kieran Coughlan, Cléireach na Dála, Deirdre Lane, Uas., Cléireach an tSeanaid, Emily O'Reilly, Uas., Ombudsman agus an tUas. John Buckley, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

An Coimisiún Reifrinn
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
Teil: **(01) 6395695**
Facs: **(01) 6395684**
Íosghlao: **1890 270 970**
R-phost: **refcom@ombudsman.gov.ie**
Idirlíon: **www.lisbontreaty2009.ie**

Tá an foilseachán seo á chur ar fáil i mBraille agus ar chlostéip freisin trí Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill.

An cheist a chuirfear ort an 2 Deireadh Fómhair

Nuair a rachaidh tú amach le vótáil, iarrfar ort vótáil le toiliú nó gan toiliú le moladh leis an mBunreacht a leasú chun cead a thabhairt d'Éirinn Conradh Liospóin a dhaingniú agus forálacha an Chonartha sin in a chur i ngníomh.

Réamhrá

Cuspóir simplí amháin atá leis an mbileog seo: cabhrú leatsa, an vótálaí, Conradh Liospóin a thuiscint sula vótálfaidh tú sa reifreann an 2 Deireadh Fómhair.

Is éard atá i gceist leis an gConradh go príomha ná an bealach a dhéanann an AE cinntí a athrú agus téann an Conradh i bhfeidhm ar roinnt cumhachtaí de chuid an AE freisin. Má cheadaítear an Conradh sa reifreann agus má dhaingníonn na 27 ballstáit ar fad é, Éire san áireamh, tiocfaidh na hathruithe atá beartaithe i bhfeidhm.

Is é an jab atá againn sa Choimisiún Reifrinn ná an méid a bhfuil vóta á chaitheamh agaibh ina leith a mhíniú, chomh soiléir agus is féidir agus bunaithe ar fhíricí. Ní bhímid ag argóint ar son vóta 'tá' nó 'níl' ach tugaimid spreagadh láidir duit le vótáil.

Sa bhileog seo leagaimid amach na príomhathruithe a dhéanfaí de bharr Chonradh Liospóin i bhforais an AE agus ar an mbealach a dhéanann an AE a chuid cinntí. Mínímid freisin an éifeacht a imreofaí de bharr an Chonartha ar shaincheisteanna buntábhachtacha, má bheidh aon éifeacht ag an gConradh orthu. Léiríodh le taighde go raibh imní ar roinnt vótálaithe faoi na saincheisteanna seo i reifreann 2008.

Tá lámhleabhar ina bhfuil i bhfad níos mó mionsonraí ar fáil in oifigí poist, leabharlanna, stáisiúin an Gharda Síochána agus ionaid eolais do shaoránaigh. Tá an lámhleabhar seo agus eolas eile ar fáil ar ár suíomh idirlín freisin: **www.lisbontreaty2009.ie**. Is féidir leat ordú a chur isteach go seolfar cóip den lámhleabhar chugat ar an bpost ach glaoch ar **1890 270 970**.

Frank Clarke
Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn

Liospóin – na príomhathruithe atá beartaithe

Tá sé beartaithe le Conradh Liospóin go ndéanfar roinnt athruithe ar an mbealach a reáchtáiltear an AE agus ar an mbealach a dhéanann sé cinntí. Is trí athruithe i bhforais an AE go príomha a tharlódh sé seo.

Anseo, tugaimid cuntas ar an mbealach a fheidhmítear na forais seo anois agus ar an mbealach a rachfadh na hathruithe atá beartaithe i bhfeidhm orthu.

An Coimisiún Eorpach

STAID FAOI LÁTHAIR	ATHRUITHE ATÁ BEARTAITHE
Cé atá ann? Coimisinéir amháin ó gach ballstát: tá 27 mballstát ann agus 27 gCoimisinéir. Tá Coimisiún nua le ceapadh i dtreo dheireadh 2009. Mura mbeidh Conradh Liospóin i bhfeidhm nuair a tharlóidh sé seo, caithfear líon na gCoimisinéirí a laghdú ansin mar gheall ar dhlí reatha an AE.	Tá cinneadh déanta ag an gComhairle Eorpach (Ceannairí Rialtais), má bhíonn Conradh Liospóin i bhfeidhm, go leanfaidh gach ballstát, Éire san áireamh, ar aghaidh le bheith ag ainmniú Coimisinéara.
Céard a dhéanann sé? Beartaíonn sé beartais agus dlíthe, cuireann cinntí an AE i ngníomh agus cinntíonn go n-urramaíonn ballstáit dlíthe an AE.	Athrú ar bith.

Comhairle na nAirí

STAID FAOI LÁTHAIR	ATHRUITHE ATÁ BEARTAITHE
Cé atá ann? Aire rialtais amháin ó gach ballstát – de ghnáth is é an t-aire atá freagrach as an ábhar atá á phlé a bhíonn ann.	Leanfar ar aghaidh leis an socrú seo.
Céard a dhéanann sí? Déanann sí cinntí críochnaitheacha maidir le reachtaíocht, aisti féin nó agus í ag comhoibriú le Parlaimint na hEorpa.	Dhéanfadh an Chomhairle níos mó cinntí agus í ag comhoibriú le Parlaimint na hEorpa.
Déanann sí na cinntí sin d'aontoil uaireanta, agus le Vótáil Tromlaigh Cháilithe (VTC) uaireanta eile. Faoin gcóras VTC, tugtar ualú do vóta gach ballstáit, agus faigheann tíortha beaga cion níos mó ná a thuillfí i bhfianaise a ndaonra.	Dhéanfaí níos mó cinntí le Vótáil Tromlaigh Cháilithe (VTC); mar shampla, sna réimsí fuinnimh, tearmainn agus inimirce. Ó 2014, bheadh an méid seo riachtanach le haghaidh tromlaigh cháilithe: **a)** go dtoilíonn 55% de na ballstáit leis; **b)** gurb ionann na ballstáit sin atá ag tacú leis an gcinneadh agus 65% de dhaonra an AE.
Tá beagnach 74% d'iomlán na vótaí ualaithe riachtanach le haghaidh tromlaigh cháilithe faoi láthair.	Ní féidir le grúpa is lú ná ceithre bhallstát bac a chur le cinneadh, is cuma cé chomh mór is atá daonra na dtíortha sin in éineacht le chéile.
Déanann an Chomhairle cinntí i ndáil phríobháideach agus reáchtálann roinnt díospóireachtaí faoi bheartais go poiblí.	Thionólfaí an Chomhairle go poiblí nuair a bheidh díospóireacht á dhéanamh faoi dhlí agus é á cheadú.

An Chomhairle Eorpach

STAID FAOI LÁTHAIR	ATHRUITHE ATÁ BEARTAITHE
Cé atá ann? Ceannairí rialtais nó stáit gach ballstáit agus Uachtarán an Choimisiúin. Bíonn ceannaire rialtais nó stáit an bhallstáit a bhfuil Uachtaránacht 6 mhí an AE aici ina c(h)athaoirleach ar an gComhairle ar bhonn rothlach.	Bheadh post nua ann, is é sin, Uachtarán na Comhairle Eorpaí. An Chomhairle Eorpach a thoghfadh an tUachtarán (le tromlach cáilithe) ar feadh téarma dhá bhliain go leith agus is féidir athnuachan a dhéanamh ar an téarma uair amháin. Bheadh an tUachtarán ina c(h)athaoirleach ar obair na Comhairle Eorpaí agus chomhordódh sé nó sí an obair sin.
Céard a dhéanann sí? Tugann sí an treoir fhoriomlán don AE ó thaobh cúrsaí polaitíochta.	Leagfadh an Conradh na cumhachtaí agus rialacha a bhaineann leis an gComhairle Eorpach amach.

TUISCINT

Parlaimint na hEorpa

STAID FAOI LÁTHAIR	ATHRUITHE ATÁ BEARTAITHE
Cé atá ann? Feisirí Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh go díreach ag vótálaithe sna 27 mBallstát.	Leanfar ar aghaidh leis an socrú seo.
Céard a dhéanann sí? Glacann an Pharlaimint reachtaíocht i gcomhar le Comhairle na nAirí i roinnt réimsí, mar shampla, i ndáil le tomhaltóirí a chosaint agus saincheisteanna comhshaoil. Tugtar an comhchinnteoireacht air seo.	Bheadh an chomhchinnteoireacht i bhfeidhm le haghaidh roinnt réimsí nua, mar shampla, talmhaíocht, tearmann agus inimirce.
Tá comhchumhachtaí ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle na nAirí le cinntí a dhéanamh maidir le formhór bhuiséad an AE ach is ag Comhairle na nAirí a bhíonn an focal deiridh maidir le míreanna caiteachais áirithe.	Bheadh comhchumhachtaí ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle na nAirí le cinntí a dhéanamh maidir le buiséad uile an AE.
Tá feidhmeanna maoirseachta áirithe ag Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an gCoimisiún. Ceadaíonn nó diúltaíonn sí an Coimisiún, agus is í an Chomhairle Eorpach (Ceannairí Rialtais) a cheapann an Coimisiún.	Is í Parlaimint na hEorpa a thoghfadh Uachtarán an Choimisiúin.

ROGHNAIGH

Roinnt saincheisteanna sonracha

Tháinig roinnt saincheisteanna sonracha chun cinn i rith an fheachtais deiridh ar léir iad a bheith tábhachtach do roinnt vótálaithe. Ní rachfadh Conradh Liospóin i bhfeidhm ar roinnt de na saincheisteanna seo ach is ábhar imní iad mar sin féin do roinnt vótálaithe. Tá dearbhuithe tugtha ag an gComhairle Eorpach i leith roinnt díobh seo ó shin. Anseo, pléimid leis na príomh-shaincheisteanna ar léiríodh gurbh ábhar imní do dhaoine iad agus mínímid cibé acu an rachfadh an Conradh i bhfeidhm orthu nó nach rachfadh, agus dá rachfadh, cén chaoi.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna sin:

a) **Saincheisteanna sóisialta agus an ginmhilleadh san áireamh**
b) **An cánachas**
c) **Beartas cosanta agus eachtrach**
d) **Cearta na n-oibrithe agus seirbhísí sóisialta.**

Focal faoi na dearbhuithe ón gComhairle Eorpach d'Éirinn

Ghlac an Chomhairle Eorpach (Ceannairí Rialtais) cinneadh i Meitheamh 2009 maidir le roinnt saincheisteanna arbh ábhar imní iad do roinnt daoine i measc thoghthóirí na hÉireann i reifreann 2008. Déantar cur síos ar an gcinneadh seo uaireanta mar rud a sholáthraíonn dearbhuithe nó ráthaíochtaí d'Éirinn nach rachfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm ar dhlíthe áirithe de chuid na hÉireann sna réimsí seo:

- **An ceart chun na beatha, an teaghlach agus an t-oideachas**
- **An cánachas**
- **An tslándáil agus an chosaint**

Bheadh an cinneadh seo ina chuid de chomhaontú idirnáisiúnta a bheadh ina cheangal ar na ballstáit. Tá an Chomhairle Eorpach tar éis a chomhaontú freisin go gcuirfear an cinneadh seo isteach i gConradh de chuid an AE amach anseo mar phrótacal. Bheadh an cinneadh ina chuid de dhlíthe an AE dá thoradh sin.

a) Saincheisteanna sóisialta agus an ginmhilleadh san áireamh

Ní bheartaítear aon athruithe le Conradh Liospóin i ndáil leis an nginmhilleadh nó cearta teaghlaigh.

Deirtear ann go bhfuil an t-oideachas ar cheann de na réimsí a bhfuil an ceart eisiach ag na ballstáit aonair dlíthe a dhéanamh ina leith.

Dá ndaingneofaí Conradh Liospóin, thabharfadh sé stádas dlíthiúil don Chairt um Chearta Bunúsacha lena liostaítear na cearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a aithníonn an AE.

Deirtear i gcinneadh na Comhairle Eorpaí nach dtéann an Chairt ná na forálacha i gConradh Liospóin a bhaineann le réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais, i bhfeidhm ar na hairteagail i mBunreacht na hÉireann lena bpléitear leis an gceart chun na beatha, le cosaint an teaghlaigh, agus le cosaint na gceart i leith an oideachais.

b) An Cánachas

Ní féidir leis an AE beartais na hÉireann maidir leis an gcánachas díreach a athrú ach amháin sa chás go mbeidh comhaontú d'aontoil ann i gComhairle na nAirí.

Tá sé de chumhacht ag Éirinn aon athrú den sórt sin a chrosadh mar sin, agus ní athraíonn Conradh Liospóin é seo.

Tá sé ráite ag an gComhairle Eorpach nach ndéantar athrú ar bith de chineál ar bith, le ní ar bith atá i gConradh Liospóin, d'aon bhallstáit i ndáil le cumhachtaí an AE i leith an chánachais.



c) Beartas Cosanta agus Eachtrach

Má dhaingnítear Conradh Liospóin, leanfaí ar aghaidh le cinntí maidir leis an mbeartas cosanta agus eachtrach a dhéanamh d'aontoil.

Bheadh sé d'oibleagáid ar Bhallstáit cabhrú le Ballstát eile arb íospartach fogha armtha é, de réir Chairt na Náisiún Aontaithe, ach ní foláir nach laigede dá bharr seo tréithe na mbeartas atá ag stáit áirithe, beartas na hÉireann maidir leis an neodracht san áireamh.

Bheadh sé d'oibleagáid ar Bhallstáit cabhrú lena chéile más íospartach ionsaí sceimhlitheora nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste ar duine is cúis léi, aon cheann de na ballstáit. Chaithfeadh an Chomhairle Eorpach na mionsonraí a bheidh i gceist leis an gcomhoibriú seo a chomhaontú. Tugtar an 'clásal dlúthpháirtíochta' air seo.

Leanfaí ar aghaidh leis na socruithe reatha le haghaidh neodracht mhíleata na hÉireann. Deirtear i gcinneadh na Comhairle Eorpaí nach ndéantar difear ná nach ndéantar dochar le Conradh Liospóin do bheartas traidisiúnta na hÉireann i leith na neodrachta míleata.

Is faoi gach Ballstát a bheadh sé a chinneadh cibé acu an nglacfaidh sé páirt sa Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus a leibhéal caiteachais fein ar chúrsaí míleata a chinneadh.

d) Cearta na n-oibrithe agus seirbhísí sóisialta.

Bhí imní ar roinnt vótálaithe Éireannacha maidir leis an tsaincheist ó thaobh chearta na n-oibrithe agus seirbhísí sóisialta freisin. Tá fógra ann ón gComhairle Eorpach (Ceannairí Rialtais) go ndeimhníonn sí gur fíorthábhachtach leis an AE an méid seo a leanas:

- **An dul chun cinn sóisialta agus cosaint chearta na n-oibrithe**
- **Na seirbhísí poiblí**
- **An fhreagracht atá ar na ballstáit as seirbhísí oideachais agus seirbhísí sláinte a sheachadadh**
- **An ról riachtanach agus an rogha leathan atá ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le seirbhísí, lena mbaineann leas eacnamaíoch ginearálta, a sholáthar**

Ráiteas polaitíochta atá san fhógra seo ón gComhairle Eorpach maidir le cearta na n-oibrithe. Níl ceangal dlí ag gabháil leis.

Focal scoir

Tiocfaidh saincheisteanna eile chun cinn i gcaitheamh an fheachtais seo, agus beidh feachtasóirí ar an dá thaobh ag obair chun tú a spreagadh le 'tá' nó 'níl' a vótáil. Tá na fíricí bunúsacha leagtha amach anseo againn. Is fútsa atá sé éisteacht leis na hargóintí anois agus cinneadh a dhéanamh maidir le conas a vótáilfidh tú. Rud amháin a bhfuil an dá thaobh ar aon intinn lena chéile faoi ná go bhfuil do chinneadh tábhachtach.

De réir mar a théann an feachtas ar aghaidh, míneoidh an Coimisiún Reifrinn saincheisteanna eile a thagann chun cinn más gá iad a shoiléiriú.

Tá súil againn go gcabhróidh an bhileog seo leat na príomhchodanna de Chonradh Liospóin a thuiscint. Tá súil againn go spreagann sé thú le tuilleadh a fháil amach trína bheith ag éisteacht leis an díospóireacht agus an t-eolas eile a sholáthróimid a léamh. An rud is tábhachtaí ar fad, tá súil againn go dtiocfaidh tú amach le vótáil an 2 Deireadh Fómhair.

VÓTÁIL